AN INSTITIÚID EORPACH UM CHOMHIONANNAS INSCNE

AGUS

GNÍOMHAIREACHT AN AONTAIS EORPAIGH UM CHEARTA BUNÚSACHA

Comhaontú Comhair

Brollach

Tá Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha (FRA) agus an Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne (EIGE);

Dá dtagraítear anseo feasta ina n-aonar mar 'an Páirtí' nó i dteannta a chéile mar 'na Páirtithe';

Ag féachaint do Rialachán Uimh. 168/2007 ón gComhairle an 15 Feabhra 2007 lenar bunaíodh Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha agus go sonrach d'Airteagal 4.1 ag leagan amach cúraimí an FRA;

Ag féachaint do Rialachán Uimh. 1922/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Nollaig 2006 agus go sonrach d'Airteagal 3.1 ag leagan amach cúraimí an EIGE;

Ag meabhrú dóibh gur réamhriachtanais iad cosaint do chearta ban agus cur chun feidhme an chomhionannais inscne chun cosaint éifeachtach a sholáthar do chearta an duine agus an gá atá le béim a leagan ar an tslí a gcomhlánaíonn siad a chéile;

Ag breithniú dóibh luach breise an chomhair idir-ghníomhaireachtaí le comhthuiscint a chothú sna réimsí saitheanta comhair, agus lena gcuspóirí faoi seach a bhaint amach agus na sochair a uasmhéadú;

Tar éis comhaontaithe mar a leanas:

## Airteagal 1
## Cuspóir

Is é is cuspóir don Socrú Comhair seo creatlach ginearálta a bhunú le haghaidh comhair idir an FRA agus an EIGE ar mhaithe le:

- dlúthchomhar a chothú i gcúrsaí taighde, cumarsáide agus líonraithe
- cur chun cinn chearta an duine agus an chomhionannais inscne a neartú;
- an úsáid is fearr is féidir a bhaint as na hacmhainní daonna agus airgeadais ina ngníomhaireachtaí faoi seach;
- éifeachtúlacht a mhéadú agus dúbailt a sheachaint;
- comhtháthú agus sineirge taighde a áirithiú d'fhonn optamú a dhéanamh ar thionchar gach tionscnaimh a ghlactar san AE chun cur leis an gcomhionannas idir mná agus fir san Eoraip.

## Airteagal 2
## Cur chuige coiteann maidir le Príomhshruthú Inscne

1. Rachaidh na Páirtithe i gcomhar le chéile chun comhthuiscint ar phríomhshruthú inscne a chothú i gcomhthéac a ngníomhaíochtaí ar aon dul leis na cláir oibre meántéarmacha agus bliantúla agus comhordóidh siad a gcuid gníomhaíochtaí, nuair is cuí.

2. Chun é sin a bhaint amach, breithneoidh na Páirtithe arbh fhéidir uirlisí cuí a fhorbairt chun difríochtaí maidir le príomhshruthú inscne atá anois ann agus a théann i gcion ar ghníomhaíochtaí na bPáirtithe a shainaithint ar leibhéal oibríochtúil nó ar leibhéal praiticiúil. Más indéanta, breithneoidh na Páirtithe arbh fhéidir agus ar chuí cleachtais atá anois i réim a neasú agus rachaidh siad i gcomhar chun dea-chleachtais, nótaí treoracha agus tionscnaimh eile dá leithéid a fhorbairt.

3. Rachaidh na Páirtithe i ndáil chomhairle i dtaobh gníomhaíochtaí comhleasa a léireofar ina gcláir oibre meántéarmacha agus bliantúla.

4. Is féidir an Comhaontú Comhair seo a chomhlánú le pleananna gníomhaíochta a bheidh faoi réir athbhreithnithe rialta, pleananna ina liostófar na gníomhaíochtaí nithiúla mar aon leis na tréimhsí ama faoi seach dá gcur chun feidhme, i gcásanna ina meastar gur gá sin.

5. Féadfaidh na Páirtithe, ar iarratas, a saineolas sna céimeanna difriúla de ghníomhaíocht oibríochtúil (nó i gcéim ar leith) a thairiscint, lena n-áirítear comhairle ar conas comhionannas inscne a phríomhshruthú agus gníomhaíochtaí, a mheasann na Páirtithe atá cuí, á ndearadh, á gcur chun feidhme agus á meas.

6. Malartóidh na Páirtithe faisnéis i dtaobh saincheisteanna a bhaineann le príomhshruthú inscne.

## Airteagal 3
## Taighde

1. Malartóidh na Páirtithe faisnéis i dtaobh gníomhaíochtaí taighde a bheidh ag tarlú go luath agus a bhaineann leis an dá eagraíocht, mar aon le forbairtí taighde ábhartha.

2. Tabharfaidh na Páirtithe cuireadh dá chéile chuig cruinnithe ábhartha de shaineolaithe, agus nuair is cuí, rachaidh siad i gcomhar maidir le suirbhéanna ar thionscadail taighde agus maidir le gníomhaíochtaí eile nó foilseacháin atá le teacht.

## Airteagal 4
## Líonrú agus imeachtaí coiteanna

1. Déanfaidh na Páirtithe iarracht i dteannta a chéile chun páirtithe leasmhara agus spriocghrúpaí coiteanna a shainaithint agus faisnéis a mhalartú i dtaobh a n-idirghniomhaíochtaí sonracha leis na páirtithe leasmhara sin.

2. Rachaidh na Páirtithe i gcomhar, nuair is cuí, chun gníomhaíochtaí líonraithe a phleanáil agus a chur chun feidhme agus eagrófar imeachtaí i gcomhar.

## Airteagal 5
## Faisnéis a chur in iúl agus a scaipeadh

1. Áiritheoidh na Páirtithe go scaipfear faisnéis ar a bpáirtithe leasmhara agus a bpáirtithe i dtaobh ábhar ábhartha.

2. Malartóidh na Páirtithe faisnéis maidir le gníomhaíochtaí straitéiseacha cumarsáide ar mhaithe le guth níos aontaithe a áirithiú ar thírdhreach cearta inscne agus daonna an AE.

3. Eagróidh na Páirtithe, nuair is ábhartha, gníomhaíochtaí coiteanna preasa (teachtaireachtaí, preasráitis, mionteagaisc, tascfhórsaí) chun sineirge a chruthú agus comhsheasmhacht a áirithiú.

4. Malartóidh na Páirtithe cleachtais nuálacha maidir le cumarsáid ar an nGréasán, na meáin shóisialta agus líonrú.

## Airteagal 6
## Gnóthaí riaracháin agus airgeadais

1. Malartóidh na Páirtithe taithí ar shaincheisteanna airgeadais agus riaracháin.

2. Féadfaidh na Páirtithe comhsholáthar a sheoladh i ngníomhaíochtaí comhleasa agus ar aon dul lena gláir oibre meántéarmacha agus bliantúla. Aontófar idir an dá Pháirtí na socruithe cuí lena mbunófar an nós imeachta.

## Airteagal 7
## Cabhair fhrithpháirteach

Cabhróidh na Páirtithe le chéile, d'fhonn a sainorduithe agus a gcláir oibre bliantúla faoi seach a chur chun feidhme, chun teagmhálacha a bhunú agus chun cumarsáid a éascú le húdaráis inniúla na mBallstát agus le páirtithe leasmhara eile, nuair is cuí.

## Airteagal 8
## Pointí Teagmhála

Ainmneoidh an dá Pháirtí príomhtheagmhálaithe i gcás réimsí sonraithe comhleasa.

## Airteagal 9
## Costais

Íocfaidh na Páirtithe a gcostais féin i gcúrsa chur chun feidhme an tSocraithe Comhair, muna n-aontófar a mhalairt ar bhonn cás ar chás.

## Airteagal 10
## Rúndacht

Geallann gach Páirtí aon fhaisnéis, doiciméad nó ábhar eile a chuirtear in iúl dó mar ábhar rúnda ag an bPáirtí eile a choimeád faoi rún, gan é a nochtadh do thríú páirtithe gan cead scríofa an Pháirtí eile a bheith faighte roimh ré, agus gan úsáid a bhaint as aon fhaisnéis dá sórt chun aon chríche seachas cur chun feidhme an Chomhaontaithe Comhair seo.

Chun críche an chomhaontaithe seo, beidh malartú faisnéise rúnaicmithe de chuid an Aontais Eorpaigh (AE) teoranta suas go leibhéal an RESTRICTED/RESTREINT UE. Geallann gach Páirtí meas a léiriú ar gach beart slándála a bhaineann le cosaint faisnéis rúnaicmithe an AE.

Airteagal 11
Réiteach díospóidí

Réiteofar gach díospóid a d'fhéadfadh teacht chun cinn i dtaobh léirmhíniú nó cur chun feidhme an Chomhaontaithe Comhair reatha trí dhul i ndáil chomhairle nó le caibidlíocht idir ionadaithe na bPáirtithe.

Airteagal 12
Leasuithe agus forlíontaí

1. Féadfar an Comhaontú Comhair a leasú ag am ar bith le toiliú frithpháirteach na bPáirtithe. Ní mór gach leasú agus forlíonadh a bheith i scríbhinn.

2. Féadfaidh ceachtar den dá Pháirtí comhairliú a iarraidh leis an intinn an Comhaontú Comhair seo a leasú.

Airteagal 13
Foirceannadh

Féadfaidh ceachtar den dá Pháirtí an Comhaontú Comhair seo a fhorceannadh i scríbhinn ach fógra sé mhí a bheith tugtha.

Airteagal 14
Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Comhaontú Comhair seo i bhfeidhm an lá i ndiaidh don dá Pháirtí é a shíniú.

Déanta i mBéarla in dhá chóip

| | |
|---|---|
| FRA | EIGE |
| Signed ..... | Signed ..... |
| Morten Kjaerum<br>Director | Virginija Langbakk<br>Director |
| 22 November 2010 | 22 November 2010 |